Maidir le moltaí Choilm Mhic Cárthaigh – An Bord Snip Nua – **táthar a mholadh deireadh a chur le COGG**. Má chuirtear an moladh seo i bhfeidhm, ní bheidh fáil níos mó ag bunscoileanna ná iar-bhunscoileanna Gaeltachta & lán-Ghaeilge ar:

- leaganacha Gaeilge de thriailscrúduithe na hArdteiste ná an Teastais Shóisearaigh
- leaganacha Gaeilge de leabhráin na n-iarpháipéar scrúduithe
- stiúradh ar an tionscadal *Séideán Sí*
- téacsleabhair i nGaeilge, seachas iad siúd a chuireann An Gúm ar fáil
- ábhar ar líne, mar atá á fhorbairt faoi láthair don eolaíocht agus do na meáin dhigiteacha
- fóram trí Ghaeilge ar líne do mhúinteoirí
- nótaí agus ábhar tacaíochta eile do mhúinteoirí
- bunachar na n-áiseanna teagaisc ar líne
- leabhrán eolais áiseanna agus acmhainní teagaisc
- seirbhísí eolais COGG – an suíomh Gréasáin agus an taispeántas taistil téacsleabhar ina measc
- ceardlanna do mhúinteoirí
- dianchúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí atá ag teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge
- taighde ar ábhar a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge
- ionadaíocht thar ceann na scoileanna leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, CNCM agus áisíneachtaí eile
- póstaeir, léarscáileanna, cruinneoga, agus a leithéid
- dáileachán ar an iris Breacadh (www.cogg.ie).